BHUEL! FEABHRA / MÍ NA FÉILE BRÍDE 2014

© IONAD NA GAEILGE LABHARTHA EAGARTHÓIR:NUALA DE BÚRCA

Tradfest 2014
29 Eanáir – 2 Feabhra

Dé Céadaoin:
1pm: An Seomra Caidrimh: Ceolchoirm le Ceoltóir Óg na Bliana TG4, Donal McCague (Saor in aisce)

Déardaoin:
5pm: Seomra Seimineáir CACSSS, ORB: Léacht Cuimhneacháin Uí Riada le hIarla Ó Lionáird. (Saor in aisce)

Dé hAoine:
1pm: Dánlann Glucksman: Ceolchoirm FUAIM le hIarla Ó Lionáird, Treasa Ní Mhiolláin, Nell Ní Chróinín agus Máire Ní Chéilleachair. (Saor in aisce)
9pm: Aibhinne na Cipire / Cyprus Avenue: Cogadh na mBannaí
(€8/€5 do mhic léinn, iontráil ar líne, €30 le haghaidh bannaí)

Dé Sathairn:
2pm: An Seomra Caidrimh: Comórtas na bPort Nua-Chumtha
(Saor in aisce, iontráil ar líne, €5 le haghaidh iomaitheoirí)
4pm: Tigh an Phórtair: Seisiún (saor in aisce)
9pm: Óstán Imperial: Ceolchoirm le Moxie
(€12/€10 do mhic léinn, dioscó san áireamh)
12am: Óstán Imperial: Dioscó Traidisiúnta le Conor Crimmins (€5)

Dé Domhnaigh:
12pm: Sáipéal Uí Ónáin: Aifreann le ceol traidisiúnta
1pm: Caifé Fresco: Bricfeasta (€5)

Pasanna le haghaidh an deireadh seachtaine le fáil - €18/€14 do mhic léinn - pas isteach do Chogadh na mBannaí, Moxie agus an Dioscó Traidisiúnta!

Coimeádaigí súil ar ár suíomh idirlín agus ár leathanach Facebook le haghaidh tuilleadh eolais! www.ucctradsoc.com
www.facebook.com/ucctradsoc www.twitter.com/ucctradsoc

Bígí linn!

Reachtaire na Cuallachta

Ainm? Deirdre Ní Dhonnchadha

Aois? Naoi mbliana déag d'aois

Cad as duit? Ráth Chairn Glas na Mí!

Cén cúrsa atá ar siúl agat? Fiaclóireacht

Bliain sa choláiste: Dara bliain

An rud is fearr mar gheall ar UCC? An campas lárnach

Ainm do pheata? Rísín & Plúirín (cait)

An boladh is fearr: Féar gearrtha sa Samhradh

An ghiuirléid is fearr: Ríomhaire glúine

An focal Gaeilge is fearr leat? DAMANTA

An Ghaeltacht is fearr: Ráth Chairn

SBB nó Pádraig Ó Sé? Pádraig Ó Sé gan dabht.. "ONE MORE TIME NOW"

An iomáint nó an pheil ghaelach? Peil ghaelach

An tOireachtas nó Comórtas Peile na Gaeltachta? An tOireachtas

An Cailín Gaelach is fearr riamh?!
Mé fhéin dár ndóigh... (Ruth Ní Riada sa dara háit ;))

An ceoltóir / an banna ceoil is fearr in Éirinn? Brian McNamara (píobaire den ard-scoth)

An rud is fearr mar gheall ar chultúr na hÉireann: Meon na nÉireannach

Cén fáth gur chuir tú isteach ar an bpost mar reachtaire? Ionas go mbeinn in ann difríocht de shaghas éicint a dhéanamh i dtaobh na Gaeilge de sa choláiste.

Cad é do mheas ar shaol na Gaeilge sa choláiste? Go bhfuil sí ag feabhsú gach lá!

Cad a dhéanfaidh tú chun saol na Gaeilge sa choláiste a fheabhsú? Bheith chomh beomhar croíúil agus spraoiúil agus gur féidir liom, go meallfaidh muid daoine eile chun bheith linn agus suim a chur sa Ghaeilge chomh maith!

Facebook – An Chuallacht UCC

Taispeántas Michael Farrell, Dánlann Crawford, Cathair Chorcaí
9 Samhain 2013 – 4 Eanáir 2014

Is i ndánlann Crawford i gCathair Chorcaí atá an taispeántas ar shaothair bheatha Mhichíl Uí Fhearail. Bhí sé ar dhuine des na healaíontóirí Éireannacha is rathúla sa tír. Fear a chaith stráicí fada ar an gcoigríoch idir chathracha móra na healaíne idirnáisiúnta mar is dual don neach cruthaitheach Éireannach ach ba mhór a shaibhrigh sé an pobal abhus, is dá dheoranta é, ní raibh a shamhlaíocht riamh glan ar chás a thír dhúchais.

Nuair a osclaíonn tú an doras romhat tánn tú teanntaithe ar an dtoirt ag dearaí spásúla óna luathshaothar. Íomhánna ag cur teibíochta chrua nua-aoise i dteangmháil le Ceilteachas umhal. Sreanga agus snaidhmeanna orgánacha á dtáthú le chéile mar a bheadh rianta treibhe i bhfolús aicrileach. Tá forbairt leanúnach na tréimhse seo á sonrú go glé san ord a cuireadh ar na pictiúir. Forbairt a bhfuil a buaicphointe in 'Thourables Wakes Series'; léaráid ghroí a léiríonn stuamacht íostaigh ag diúltú do shícideileachas na Seascaidí.

Rinn mhór i saothair Farrell is ea an t-aistriú ó ábhar oibiachtúil go hábhar suibiachtúil. Is díol suime a leithéid d'aistear don scríbhneoir seo agus léirítear go héifeachtach é i gcur amach an taispeántais. B'oiriúnach na dearaí teibí i dtosach chun céad chéimeanna a mhéine cruthaithí a shoilsiú. Na rithimí, dathanna agus fórsaí aeistéitiúla a mheallann an ghrinnshúil chuchu ach má cheaptar gur duine a raibh dúil aige i ngnéithe stíle amháin, is ar éigean nach léir scunscan cad é a spreag imeacht ón *raison d'etre* sin is an borradh mór i dtreo an ábhair pholaitiúil, má tá brí ar bith leis an bhfocal 'polaitiúil' i gcúrsaí an tsaoil anois.

I gceartlár an ionaid tá domhan dá chuid féin a sheasann amach go suntasach. É scartha amach ón gcuid eile den dtaispeántas. Cubhachail ina bhfuil sraith de shamhlacha lathacha doiléire as Domhnach na Fola. Ní foláir nó bhí na dreacha seo spreagtha ag cúiseanna nárbh ealaín iad in aon chor. Mothúchán, masmas agus sceon. Faightear spléach siar ar anord na heachtra féin ar bhóithre Dhoire trí mhód eispriseanaíoch .i. bán tinn na mbraillíní, dearg lag na fola, agus cuntanós an tsaighdiúra ag glinniúint ó ghrianghraf trí shúile réchúiseacha.

Ach ní laghdaíonn tairbhe na ceirde le roscaireacht na dTrioblóidí. Feictear an féinfhiosrú doimhin a dhéanann an t-ealaíontóir air féin ar an dtaobh thoir den tsraith, 'Sunday'. Fiafraíonn sé dínn cé hí Éire. Cíorann sé dúpholl na staire i bpíosaí aithnidiúla, ar shlí nach bhfuil náisiúnach. In 'An Incomplete History' tá corp bán caite amach ó sheanleabhar gioblach, is ba mhóide gur colainn Farrell féin atá ann.

Figiúir choitianta ina shaothair ná a shaobhdhearadh de Mharie-Louise O' Murphy. Athláimhseáil an phictiúir cháiliúil Boucher mar aircitíopa d'Éirinn atá ann. A cosa spréite go saonta ar an leaba. An *Vitruvian Man* i bponc taobh thiar di, a bhall fir á chlúdach le náire in 'The Irish Question'. Is ionsaí magúil é ar dhiongbháilteacht na na hidé-eolaíochta. Ar bhun an chláir, é fógartha go bhfuil an píosa neamhchríochnaithe, go dtí go mbeidh Éire mar aon tír amháin.

Chímid grá na ceirde á phósadh leis na nithe a bhí ag déanamh scime dó, sa phíosa 'The Irish Press'. Na braonta leachta de leimín *pressé* a bhí ag splancadh as an gcanbhás mar chartún cheana, anois líonta le ceannlínte na nuachtán. I liteagraf ó 1972, 'Protestant Occulté' tá spior spear de fhrásaí giorraithe i gcolláis a chuireann mearbhall na meán ar an té a bhíonn ag féachaint air. Aithnímid ina measc, cuntanós seanfhir a bhí ar chlúdach Irish Times an lae inniu fiú! Fós mar dhia beag, ag gáirí, anois le hais an Uachtaráin Uí Uiginn.

Tugann a obair ba lú tábhacht léargas iontach dúinn ar phearsantacht an fhir. Feictear in 'Cairn 1966' ealaín dúchais na gcloch ina cheantair féin. Ardaíonn sé an cheist fé cé chomh 'oibiachtúil' is a bhí an tréimhse luath. Is é ag léiriú dúinn gur foinsí suntasacha iad a leithéid de Leabhar Cheanannais agus Brú na Bóinne. Ar shlí, ní ealaín teibí ab ea iad i gcomhthéacs Éireannach, toisc an luach oidhreachta a bhaineann leo.

Cuireann tú aithne ar aghaidh ghruama Mhichíl féin trí na féinphortráidí atá breactha go fánach ar fud an ionaid. I gcónaí duairc, ag stánadh go tnúthánach ar 'Miss O' Murphy' nó gan cholainn

i gcupán uisce. An cuma chéanna air i gcónaí, ina sheasamh go lomnocht. A shúile dubha, is a bhod ina phleist. Ardaítear ceisteanna ar a fhearúlacht agus a fhéinmhuinín mar léiriú ar neamhfhéidearthacht an phobail, cás na tíre a leigheas, is mian leis 'Madonna Irlanda' a shásamh.

Airím bean taobh liom ag rá i gcogar, gur ábhar gránna a bhí roimpi inniu, nach dteastódh uaithi é bheith ina bailiúchán pearsanta féinig. Ní thógfá uirthi é sin. Na píosaí is mó a dhaingníonn i gcuimhne an duine a bhfuil ag breathnú orthu ná íomhánna dorcha. In 'Black 47' tá samhail íocónach Trevelyan ag stánadh óna bhord, creatlach duine curtha fén urlár. Samhlaím '*Self-portrait with skeleton arm*' cáiliúil Munch ina bhfuil cnámha na ngéag an fhir mar chomhartha dúinn ar an mbás. I gcás 'Black 47' tá cnámha duine iomlán mar chomhartha ar an ndrochshaol is an gátar gan freagracht a bhain le goile na milliúin duine.

Ach tá gliceas sainiúil ag baint leo chomh maith. Imeartas míchéatach. Curtha sa chúinne, tá roinn eile ann, ina léirítear obair a dhein sé sa Fhrainc mar bhall de phobal La Ruche. Ábhar taitneamhach atá níos éadroime a dheineann spraoi le figiúirí móra na healaíne. I gcaifé le Joyce agus Picasso, i gcuideachta Proust, nó ag ól pórtair le Suibhne! Tá samplaí dá scil le hola, gualach agus taipéis go raidhsiúil.

Ar an tarna hurlár tá slí fhada fhairsing ag síneadh farat, is soilse séimhe cuí ag tabhairt ceada duit, ligint do chiaca dearadh gur mian leat tú a tharraingt chuigis. Tá teacht in inmhe go líofa sa cheardaíocht anso. Eachtraí fén dtuath, trialachas sotalach agus ábhair níos traidiúnta, b'fhéidir. Tá an fhéinphortráid deireanach uaidh sa Fhrainc ann, leis, ina stánann Micheal Farrell ort díreach idir an dá shúil. Tá súil agam gur fianaise é gur bhain an t-anam suaite duairc aige slí isteach ann féin ag clabhsúr a shaoil.

Molaim d'éinne cuairt a thabhairt ar an dtaispeántas corraitheach spreagúil seo. Is file na físe é Farrell a dhein dianscrúdú ar ár gcultúr. Mar a scríobh duine sa leabhar sínithe; 'is cuma liom fén dtráchtas, anois, b'fhearr liom líníocht!'.

Suíomh úr ealaíne is ea
http://nuaealain.wordpress.com/
Cuirigí ábhar chuchu is cabhraigí linn samhlaíocht na nGael a chothú gan a thuilleadh righnis!

Léachtaí Poiblí 2014

Dé Máirt, 28 Eanáir 2014, 5 pm, G01, ÁUR:

"An Phleanáil Teanga – Feidhmiú Acht na Gaeltachta 2012 agus Straitéis Fiche Bliain an Rialtais don nGaeilge."

Rachel Ní Riada, Údarás na Gaeltachta

Dé Máirt, 11 Feabhra 2014, 5 pm, G01, ÁUR:
"Cúram Foclóireachta Fhoras na Gaeilge."

Cathal Convery, Foras na Gaeilge

Dé Máirt, 18 Feabhra 2014, 5 pm, G01, ÁUR

"Ról an teiripeoir urlabhra agus teanga: na dúshláin a bhaineann le teiripe dhátheangach i gceantair Ghaeltachta. "

Dairíne Ní Shíthigh, Rannóg Teiripe Urlabhra, Óispidéal an Daingin

Dé Máirt, 04 Márta 2014, 5 pm, G01, ÁUR:

"An Ghaeilge mar acmhainn ghnó i saol na teilifíse agus sna meáin dhigiteacha."

Tadhg Ó Maoileoin, Comhlacht NEMETON

Dé Máirt, 11 Márta 2014, 5 pm, G01, ÁUR:

"An Ghaeilge i UCC."

Neil Buttimer, Roinn na Nua-Ghaeilge, COC

ÁUR = Áras Uí Rathaille

FÁILTE ROIMH CHÁCH

☎ **021 – 4902314**

Scoláireachtaí Gaeltachta

'Chaitheamar seachtain iontach sa ghaeltacht i gCiarraí, mholfainn d'aon scoláire é.'
Evelyn

'Taithí iontach éagsúil a bhí agam ar an Scoláireacht – ag fanacht le clann, ag caint le haoíchainteoirí agus ag baint súip as saol sóisialta na háite. Fuaireamar taithí agus léargas iontach ar shaol na Gaeltachta.'
Christine

'An tseachtain is fearr riamh i mo shaol.' **John**

'Bhí sé ar fheabhas.' **Eric**

'Deis iontach atá ann, go háirithe do dhaoine nach mbíonn an deis acu Gaeilge a labhairt de ghnáth agus bhí an áit go hálainn.' **Rónán**

Tar go dtí G.01 san ORB aon lá idir **17/02/'14 – 20/02/'14.** Ná caill do sheans, bí linn!!!

GRADAM NA GAEILGE

Gradam na Gaeilge

Tá duais €1,000 ar fáil don mhac léinn a dheineann a d(h)ícheall an Ghaeilge a chur chun cinn i gColáiste na hOllscoile Corcaigh. Tá an duais seo urraithe ag an Dr Diarmuid Ó Mathúna, Stiúrthóir Chomhairleoirí Maoine 'City Life' / City Life Wealth Advisors, Corcaigh. Tá Gradam na Gaeilge oscailte do mhic léinn cláraithe uile na hOllscoile.

Reachtáltar an Gradam faoi choimirce Choiste Gnó Bhord na Gaeilge. Bronnfar an Gradam roimh dheireadh na bliana acadúla.

Dáta Deireanach **14 Márta 2014**.

Tuilleadh Eolais ar fáil ó Ionad na Gaeilge Labhartha UCC

Éigse na Brídeoige

31 Eanáir -2 Feabhra 2014

www.eigsenabrideoige.com

Imbolc

7-8 Feabhra 2014
Ionad Cultúrtha, Baile Bhúirne.

Biddy Jenkison agus tuilleadh nach í.

http://www.imbolc.ie/

Tionól Nioclás Tóibín

Rinn Ua gCuanach
14-16 Feabhra 2014

Facebook – Tionól Nioclás Tóibín

Comórtas

Ainmnigh ealaíontóir traidisiúnta cónaithe UCC a bheidh páirteach i dTradfest 2014?

€30 an duais!

Seol do fhreagra chugam ag n.deburca@ucc.ie faoin 14 Feabhra.

Eagarfhocal

Más mian le héinne píosa eolais, alt, scéilín nó dán a scríobh don chéad eagrán eile seol ríomhphost chugam ag n.deburca@ucc.ie

Rerá

Oíche shiamsaíochta i gClub Cruicéid Chorcaí

8pm, 8 Feabhra 2014

www.rera.ie

Taispeántas Ealaíne

Seoladh ar siúl 12 Aibreán
ar 5pm sa tSeomra Caidrimh

Cruinniú Poiblí

Ar son chothrom na féinne do phobal na Gaeilge agus Gaeltachta

Óstán Clarion, 730pm, 3 Feabhra.

Eagraithe ag Gael-Taca
www.gael-taca.com

ÁRAS UÍ THUAMA

Cleas Áras Uí Thuama ag baint súip as Bál na Gaeilge in Óstán Silversprings ar 23 Eanáir 2014.

Comhghairdeachas le Caitríona Nic Bhloscaidh, a bhuaigh duais le déanaí i gcomórtas H. H. Stewart de chuid Ollscoil na hÉireann dá torthaí anuraidh. Tá Dlí agus Gaeilge ar bun aici. Bail ó Dhia ar an obair!

Suíomhanna Idirlín na Míosa

www.duchas.ie - Bailiúchán béaloidis ó na 1930idí
www.doegen.ie - Taifid fhuaime de chanúintí na Gaeilge 1928 -1931

Cúrsa Ríomhaireachta

I measc na nithe a chlúdófar beidh:

1. Ríomhaire/Taibléad nua a cheannach – cad iad na nithe gur cheart duit a bheith ag faire amach do?
2. Suíomhanna Idirlín a bheadh úsáideach do lucht na Gaeilge.
3. Na meáin shóisialta – *Facebook*, *Twitter*, blaganna &rl.
4. Podchraoladh agus sruthú – ag aimsiú áiseanna a bheadh uait ar líne.
5. Do ríomhaire a chosaint. Cláracha frithvíreas srl.

Beidh an cúrsa seo ag tosnú *Dé Céadaoin 5 Feabhra 2014*. Beidh na ranganna seo ar siúl i *Seomra G01* in *Áras Uí Rathaille* idir **5:20 agus 7:20 gach Céadaoin** go dtí 26 Márta 2014 (8 seachtaine).

Beidh táille €50 ar an gcúrsa is €35 mar ráta ar leith.

Tabhair d'ainm d'Oifig na Gaeilge Labhartha @ 021-4902314 faoi 3 Feabhra 2014.

Beidh ar rannpháirtithe an chúrsa a ríomhaire glúine féin a thabhairt leo. Má tá guthán cliste nó taibléad acu is féidir leo iad san a thabhairt leo chomh maith ach ní gá go mbeadh ceann agat. Is gá ardchaighdeán Gaeilge a bheith ag rannpháirtithe an chúrsa seo chomh maith le bunscileanna ríomhaireachta.

Má tá tuilleadh eolais uait, cuir ríomhphost chuig Cearbhall ag an seoladh k.coleman@ucc.ie nó ag an uimhir 021-4903794.

Beidh Fáilte Roimh Gach Éinne.